

# An Foras um Chláir Speisialta AE
# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2012


Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projecks

European Union
European Regional Development Fund
Investing in your future

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007–2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union

**An Foras um Chláir Speisialta AE**
**Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais**
**don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2012**

© Cóipcheart FCSAE 2013.

Is féidir leat an foilseachán seo (seachas lógónna) a athúsáid saor in aisce i bhformáid nó i meán ar bith, faoi théarmaí Chéadúnas an Rialtais Oscailte. Leis an cheadúnas seo a fheiceáil, gabh chuig **www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence** n ó cuir ríomhphost chuig: **psi@nationalarchives.gsi.gov.uk**

Sa chás ina n-aimseoimid faisnéis chóipchirt maidir le tríú páirtithe, beidh ort cead a fháil ó na sealbhóirí cóipchirt sin atá i gceist.

Le tuilleadh sonraí a fháil faoi athúsáid na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas don bhliain 2012, scríobh chuig

FCSAE,
7ú Urlár, Foirgneamh Clarence Thiar,
2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann, BT2 7GP

Tá an cháipéis seo le fáil ar ár suíomh gréasáin fosta
**www.seupb.eu**

Cuirtear ceisteanna faoin cháipéis seo chuig
**info@seupb.eu**

# Clár na nÁbhar


Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 2

Ról an Fhorais um Chláir Speisialta AE 7

Gnóthachtáil le hais Cuspóirí Corparáideacha (2011-2013) 9

Forbhreathnú ar Chláir 11
- SÍOCHÁIN III
- INTERREG IVA 17
- INTERREG IVB agus IVC (Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach) 24

An Teachtaireacht a Chur in Iúl in 2012 27
- Mórghníomhaíocht Faisnéise, Clár SÍOCHÁIN III 27
- Mórghníomhaíocht Faisnéise, Clár INTERREG IVA 28
- Cuairt ar an Chóiré, Deireadh Fómhair 2012 29
- An Comhchoiste um Fheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta 29

Ag Amharc Chun Tosaigh, Cláir Nua 2014-2020 30

Cuntais Bhliantúla 33

Aguisíní 71

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba bhliain shuntasach í 2012 maidir le seachadadh Clár Trasteorann an Aontais Eorpaigh faoi choinne Comhoibrithe idir Críocha 2007-2013 (INTERREG IVA) agus an Chlár Síochána agus Athmhuintearais 2007-2013 (SÍOCHÁIN III).

Táimid leathbhealach tríd an tréimhse ina socraítear na cláir agus tá an maoiniú faoi Chlár SÍOCHÁIN III chóir a bheith geallta ar fad. Tá dara céim an mhaoinithe á cur i bhfeidhm ag na 14 Chomhpháirtíocht Síochána i dTuaisceart Éireann agus i gCeantar na Teorann i bPoblacht na hÉireann. Tá thart ar £90 milliún bronnta ar na Comhpháirtíochtaí le cuidiú leis na mílte tionscadal áitiúil ar fud an réigiúin a gcuspóirí síochána agus athmhuintearais a bhaint amach.



Rinneadh obair na gComhpháirtíochtaí Síochána a cheiliúradh ag mórchomhdháil a d'eagraigh muid ar 13ú Samhain i Halla na Cathrach, Béal Feirste. 'Muinín a Bhunú, Deighiltí a Shárú' an teideal a bhí uirthi agus bhí breis agus 200 toscaire i láthair. Taispeánadh na tionscadail agus na tionscnaimh éagsúla áitiúla pobail atá á maoiniú ag Clár SÍOCHÁIN III trí na Comhpháirtíochtaí Síochána.

Críochnaíodh roinnt tionscadal ardphróifíle caipitiúil tógála i mbliana, ina measc Lárionad Idirnáisiúnta na nGasóg i gCaisleán Saunderson sa Chabhán. D'oscail Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, an t-ionad go hoifigiúil ag ócáid speisialta a raibh gasóga as an Ríocht Aontaithe, as Éirinn agus as tíortha eile páirteach inti. Is áis cheart trasteorann í agus spreagfar daoine óga de chúlraí éagsúla eitneacha, réiligiúnacha agus cultúrtha idirghníomhú lena chéile níos mó.

Seoladh tionscadal Skainos go hoifigiúil agus é ag druidim le deireadh na bliana. Is foirgneamh nuathógtha é a fuair tacaíocht airgeadais ó SÍOCHÁIN III. Sráidbhaile nua uirbeach is ea é agus tá sé suite i gceann de na bardaí is díothaí i Mórcheantar Bhéal Feirste. Caitheadh na milliúin punt air agus cuirtear réimse leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil ann do mhuintir na háite, crèches, oiliúint don fhostaíocht agus cúram do dhaoine aosta ina measc. Is focal Eabhraise é Skainos a chiallaíonn 'puball' nó 'áit chónaithe'.

Beidh gníomhaíochtaí forochtana trasphobail ann leis an chomhthuiscint sa phobal áitiúil a dhoimhniú.

Bhí an-rath ar an ghlaoch dheireanach maoinithe do Chlár INTERREG IVA a seoladh ag tús na bliana. Tá an próiseas iarratais níos sruthlínithe, rud d'fhág go raibh tionscadail fhíor-cheannródaíocha in ann maoiniú a fháil le beagán míonna anuas. Táthar réidh le tús a chur leis na tionscadail seo agus cuirfidh siad le mórchuspóirí an chláir.

Tá cúnamh suntasach tugtha do thionscadail a thagann faoi théama na fiontraíochta sa chlár, mar shampla. Tairgeadh breis agus £1 mhilliún do thionscnamh Tradelinks, a bhí ar an fhód cheana féin, le gur féidir leis leanúint de bheith ag tabhairt tacaíochta ar bhonn trasteorann d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do mhicreaghnónna.

Tairgeadh cúnamh airgeadais fosta do Chlár nua PLATO le cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide fás agus forbairt.  Is clár líonraithe go príomhá é PLATO. Tugtar cuireadh do ghnónna móra a bheith mar 'mháthairchomhlacht' ag grúpaí de ghnónna níos lú agus comhairle agus treoir a chur orthu ar bhonn trasteorann.

Ag druidim le deireadh na bliana, bhí mé páirteach i seoladh oifigiúil Pháirc Eolaíochta an Iarthuaiscirt i nDoire a chosnóidh £12 mhilliún. Tógfar páirc eolaíochta 50,000 troigh cearnach ag Dún Sheoirse agus cuirfear síneadh 20,000 troigh cearnach le saoráid CoLab in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceannain.

Léiríodh an tionchar atá ag Clár INTERREG IVA sa réigiún ar Lá an Chomhoibrithe idir Críocha na hEorpa ar 20ú Meán Fómhair. D'eagraigh muid mórchomhdháil i nDún Dealgan mar chuid den cheiliúradh seo. Insíodh scéal naoi gcinn de thionscadail dhifriúla, agus tuilleadh, de réir na dtéamaí atá i straitéis 2020 an AE - fás 'Cliste', 'Inbhuanaithe' agus 'Uileghabhálach'.

Bhí taispeántas idirghníomhach ar 13 thionscadal eile a léirigh éagsúlacht na dtionscnamh atá ar bun ar fud na RA agus na hÉireann agus atá ag fáil tacaíochta ó Chomhoibriú idir Críocha na hEorpa.  Bhí freastal maith ar an imeacht seo.

Tá cúnamh suntasach go fóill le leithdháileadh faoi Chlár INTERREG IVA sula mbeidh an t-airgead ar fad geallta. Beidh dúshlán roimh an Fhoras um Chláir Speisialta AE (FCSAE/SEUPB) sa bhliain atá romhainn. Leanfaimid ar aghaidh leis an chomhoibriú leis na Ranna Rialtais cuí i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann. Tá an comhoibriú seo ríthábhachtach lena chinntiú go bhfaighidh tionscadail inmharthana, inbhuanaithe maoiniú.

Tá FCSAE freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT). Cuireann sé tuarascálacha faoina bráid go rialta faoin dul chun cinn atá déanta maidir le feidhmiú na gClár SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA. Bhí an ceathrú cruinniú déag ag FCSAE le CATT ar 4ú Bealtaine 2012. I láthair bhí Brendan Howlin TD, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Sammy Wilson MP CTR, an tAire Airgeadais agus Pearsanra, agus Martina Anderson CTR, Aire Sóisearach in Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire.

Chuaigh FCSAE os comhair roinnt Coistí de chuid Thionól Thuaisceart Éireann agus an Oireachtais in 2012. Bhuail mé le hionadaithe ón Chomhchoiste um Fheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta ar 5ú Iúil. Tugadh cuireadh dom dul os comhair Choiste Tionóil na Roinne Airgeadais agus Pearsanra ar 22ú Feabhra agus arís ar 13ú Meitheamh. Bhí deis agam an dul chun cinn agus na dúshláin maidir le Cláir SÍOCHÁIN III agus

INTERREG IVA a chur i bhfeidhm a phlé. Thug CATT agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i bPoblacht na hÉireann cuireadh dom a bheith i mo bhall de thoscaireacht a thug cuairt ar an Chóiré Theas i mí Dheireadh Fómhair. Ba é cuspóir na cuairte eolas a thabhairt d'ionadaithe an Rialtais sa Chóiré Theas faoin Phróiseas Síochána in Éirinn, faoi na comhshocruithe institiúidiúla a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar Chomhaontú Aoine an Chéasta, agus obair FCSAE a mhíniú. Ba é an t-ionchur agamsa cur síos a dhéanamh ar an ról atá ag maoiniú an AE i bPróiseas Síochána Thuaisceart Éireann trí na Cláir SÍOCHÁIN.

Le linn na bliana, chuir FSCAE páirtíocht níos mó i gClár Trasnáisiúnta INTERREG IVB agus i gClár Idir-Réigiúnach INTERREG IVC chun cinn. Bhí na hiarrachtaí seo mar chatlaíoch le tuilleadh comhpháirtíochtaí nua, nuálacha ar fud na hEorpa, rud a shaibhreoidh an réigiún.

Cuireadh in iúl dúinn fosta go raibh cuireadh romhainn ón Ríocht Aontaithe agus ó Phoblacht na hÉireann Clár nua INTERREG agus SÍOCHÁIN a fhorbairt don tréimhse 2014-2020. Glacadh an chéad chéim sa phróiseas sin in 2012, céim an-tábhachtach, nuair a lorg muid tuairimí ón phobal mhór faoi ábhar, sheachadadh agus fheidhmiú na gclár nua seo. Bhí breis agus 1,000 duine páirteach sna himeachtaí comhairliúcháin a eagraíodh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin agus fuarthas breis agus 170 aighneacht scríofa. Bhí an fhreagairt ar an phróiseas comhairliúcháin mar fhianaise láidir ar an spéis mhór atá sna cláir Eorpacha ar fud an réigiúin.

Leanfar ar aghaidh in 2013 leis an obair le cláir nua a fhorbairt le go gcuirfear tús leo in 2014. Beidh ullmhú deiridh na gclár nua faoi réir dhaingniú na rialachán dréachta agus an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil. Tá an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach i mbun idirbeartaíochta fúthu.


Ní bheimis in ann oibriú gan tacaíocht leanúnach ó bhaill an Choiste Monatóireachta agus Stiúrtha a thugann go fial dá gcuid ama. Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leo as a gcuid oibre le linn na bliana agus tá mé ag súil lena bheith ag comhoibriú leo in 2013.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe agus le foireann FCSAE. Molaim a ndúthracht agus a ngairmiúlacht agus deireadh na gclár reatha ag druidim linn.



Pat Colgan
Príomhfheidhmeannach
An Clár um Fhorais Speisialta AE





*Daltaí de chuid Star of the Sea, Ciara Benson (ar chlé) agus Aoife Major, a bhí i measc na chéad chuairteoirí ar an Fab Lab i mBéal Feirste. Pictiúr le Brian Morrison.*

# Ról an Fhorais um Chláir Speisialta AE

## Ár misean

"Cláir mhaoinithe a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar son an dá rialtas agus an Aontais Eorpaigh, cláir a dhíríonn ar fheabhsuithe sóisialta agus eacnamaíocha a chur i bhfeidhm do mhuintir Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach."

## Ár bhFís

"Feidhmeoidh FCSAE mar ghníomhaire iontaofa de chuid an dá rialtas agus an Choimisiúin Eorpaigh agus cláir á mbainistiú agus á seachadadh aige a chuireann le leas eacnamaíoch agus sóisialta an réigiúin. Beidh luachanna na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na rochtana mar bhunchloch a chuid oibre."

## Míniú ar ár Ról

Is Comhlacht Thuaidh/Theas é an Foras um Chláir Speisialta AE a bunaíodh faoin Chomhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Comhaontú) a tháinig i bhfeidhm ar 2ú Nollaig 1999.

De réir an Chomhaontaithe, cuirfidh FCSAE beartais na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i bhfeidhm de réir mar atá siad sonraithe san Ordú um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus in Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999, arna leasú.

Mar ghníomhaire de chuid an dá rialtas, ba é FCSAE an tÚdarás Bainistithe do na Cláir SÍOCHÁIN II agus INTERREG IIIA 2000-2006. Tá an dá chlár sin druidte anois agus tá FCSAE ag fanacht leis na híocaíochtaí do na héilimh dheireanacha ón Choimisiún Eorpach.

Ó thús 2007 i leith, tá FCSAE ag feidhmiú i ról an Údaráis Bhainistithe agus an Údaráis Deimhnithe do na Cláir SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA agus is é a sholáthair an Chomhrúnaíocht Theicniúil dóibh. Ina fheidhm mar Údarás Bainistithe, tá FCSAE mar Chathaoirleach ar an dá Choiste Monatóireachta don dá chlár seo.

Is leathan an ról tacaíochta atá ag FCSAE maidir le páirtíocht Thuaidh/Theas i gCláir Thrasnáisiúnta INTERREG IVB a bhaineann le Tuaisceart Éireann. Tá ról comhairleach agus comharthaíochta ag FCSAE fosta maidir le páirtíocht Thuaidh/Theas sa chlár Idir-Réigiúnach INTERREG IVC.

Beidh ról suntasach ag FCSAE i bhforbairt an Chláir um Chomhoibriú idir Críocha na hEorpa i dtréimhse na gclár nua 2014-2020. Tá sé iarrtha ag na Ballstáit ar FCSAE na Cláir nua Oibriúcháin a fhorbairt. Beidh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin ag FCSAE agus ag a Ranna Coimircíochta le réimse leathan páirtithe leasmhara seachtracha le héifeachtúlacht gach clár a uasmhéadú sa todhchaí.




*Rannpháirtithe sa tionscadal cluichí Belfast Interface, arna chistiú faoi chlár PEACE III an AE, tionscadal a dearadh chun an meas ar an éagsúlacht a chur chun cinn.*

# Gnóthachtáil le hais Cuspóirí Corparáideacha (2011-2013)

| Cuspóirí Corparáideacha | Príomhthorthaí |
| --- | --- |
| 1. 'Seachadadh éifeachtach, éifeachtúil na gClár SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA a chinntiú agus a chinntiú go ngnóthaítear cuspóirí na gclár agus go ndéantar a dtionchar sna réigiúin a uasmhéadú.' | • Bhí cruinnithe ag an Choiste Monatóireachta faoi Chlár SÍOCHÁIN III i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair 2012.<br>• Bhí 6 chruinniú ann den Choiste Stiúrtha faoi choinne SÍOCHÁIN III in 2012 agus bhí 9 gcruinniú ann den Choiste Stiúrtha faoi choinne INTERREG IVA.<br>• Cuireadh Tuarascálacha Bliantúla Forfheidhmithe don dá Chlár isteach de réir spriocamanna an Choimisiúin Eorpaigh.<br>• Baineadh amach na spriocanna athbhreithnithe carnacha N+2 agus na spriocanna i bPlean Gnó FCSAE don bhliain 2012 sna Cláir SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA . |
| 2. 'Comhoibriú Thuaidh/Theas i ngach Clár Trasnáisiúnta agus Idir-Réigiúnach a chur chun cinn agus deiseanna a uasmhéadú do chách ar oileán na hÉireann a bheith páirteach iontu.' | • Faoi dheireadh 2012 tá 54 comhpháirtí tionscadail ag glacadh páirte in 67 tionscadal difriúil ar fud na hÉireann. |
| 3. Comhairle a chur ar an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus ar an dá Rialtas maidir le Cláir AE sa todhchaí a bhaineann le dualgais FCSAE' a ullmhú. | • Tá cuireadh tugtha do FCSAE Cláir nua Comhoibrithe Trasteorann idir Críocha a fhorbairt don tréimhse 2014-2020.<br>• Chomhordnaigh FCSAE sraith imeachtaí comhairliúcháin phoiblí agus cruinnithe in 2012 agus bhí breis agus 1,000 rannpháirtí ann. |
| 4. 'Straitéisí éifeachtacha riaracháin, Cumarsáide, Airgeadais, TF agus Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm de réir chreat rialachais agus chuntasachta le feidhmíocht ghnó FCSAE a fheabhsú.' | • Bhí mórimeachtaí faisnéise ann faoi SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA in 2012.<br>• Baineadh amach na spriocanna airgeadais i bPlean Gnó 2012 de réir an leibhéal riachtanach lamháltais, 98.5%.<br>• Coinníodh leibhéal Neamhláithreacht na Foirne faoi bhun 2%.<br>• Cuireadh Córas Bainistithe Cáipéisí do Thaifid Leictreonacha i bhfeidhm do FCSAE.<br>• Cuireadh sraith beart éifeachtúlachta  san áit oibre i bhfeidhm de réir an Phlean le Coigilt Éifeachtúlachta a Sheachadadh don tréimhse 2011-2013. |




*Rannpháirtithe i dtionscnamh de chuid an Speedwell Trust, arna chistiú faoi chlár PEACE III an AE, tionscnamh lena dtugtar le chéile daltaí bunscoile, idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh, trí roinnt gníomhaíochtaí comhroinnte.*

# Forbhreathnú ar Chlár SÍOCHÁIN III (2007-2013)

€333 milliún an luach iomlán atá le Clár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i gCeantar na Teorann i bPoblacht na hÉireann, nó SÍOCHÁIN III mar a thugtar air. Cuireann an clár seo le hobair na gClár SÍOCHÁIN a bhí ann roimhe seo agus tá sé deartha le dul chun cinn i dtreo sochaí síochánta, cobhsaí a dhaingniú.

Sa chlár reatha, tá béim ar leith ar an athmhuintearas idir pobail agus ar na hiarrachtaí sochaí chomhroinnte a chruthú. Faoi dheireadh 2012, bhí maoiniú arbh fhiú €344 milliún é faofa trí Chlár SÍOCHÁIN III do 218 tionscadal san iomlán. Tá barraíocht clár san áireamh d'aon turas mar táthar ag súil nach gcaithfear an t-airgead ar fad ar na tionscadail. (Beart bainistiú stuama clár is ea é seo).

Cuireadh tacaíocht ar fáil le linn na bliana trí SÍOCHÁIN III a dhírigh ar obair mhór chaipitiúil thógála agus ar thionscnaimh réigiúnacha a dhíríonn ar an tsíochain a dhéanamh. Tairgeadh líon mór deontas beag fosta a cuireadh ar fáil trí ghréasán na gComhpháirtíochtaí Síochána atá ar fud Thuaisceart Éireann agus i gCeantar na Teorann i bPoblacht na hÉireann.

Tá tacaíocht ardleibhéil airgeadais go fóill á soláthar ag Clár SÍOCHÁIN III do thionscadail a thugann aitheantas don am atá caite agus a bhíonn ag plé lenar thit amach agus dóibh siúd fosta a bhíonn ag tacú le príomhacmhainn institiúidiúil.

Léiríonn na cás-staidéir seo a leanas an cineál oibre atá ag dul ar aghaidh le tacaíocht ó Chlár SÍOCHÁIN III de chuid an Aontais Eorpaigh.

## Tionscadal Chaisleán Saunderson na nGasóg

Cuireadh i gcrích tionscadal Chaisleán Saunderson na ngasóg i mbliana. Chosain sé £3.2 milliún agus fuarthas tacaíocht ó SÍOCHÁIN III. D'oscail Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins é ar 18ú Lúnasa.

Tá ionad ilghníomhaireachta 30 acra tógtha gar do bhaile an Chabháin mar chuid den tionscadal seo agus tá spás ann do suas le 1,000 duine ag aon am amháin. Chuir an Roinn Forbartha Sóisialta i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i bPoblacht na hÉireann maoiniú meaitseála ar fáil.

Fuair an t-ionad maoiniú faoin tosaíocht 'Spásanna Comhroinnte a Chruthú' i gClár SÍOCHÁIN III agus tá sé deartha go speisialta le hidirghníomhú níos mó a chur chun cinn idir daoine óga de chúlraí éagsúla reiligiúnacha, eitneacha agus cultúrtha. Chomh maith le daoine óga atá ina ngasóga a mhealladh, beidh daoine óga as réimse leathan eagras óige agus scoileanna ag dul ann ar bhonn trasphobail agus trasteorann.




*Taispeántar sa phictiúr Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín, ag seoladh oifigiúil thionscadal Castle Saunderson in éineacht le hionadaithe ó Scouting Ireland (Gasóga na hÉireann).*

> *Ag an 'jamboree' seo inniu de shaoránaigh óga, táimid ag breathnú amach ar an todhchaí. Beidh na daoine óga seo ina gceannairí, ina ndéantóirí cinntí agus ina smaointeoirí cruthaitheacha sna blianta atá le teacht nuair a bheidh na glúin atá romhainn ag fás agus ag fágáil a lorg féin ar an saol.*
>
> **– Uachtarán na hÉireann Michael D Higgins.**

## Tionscadal Skainos

Cuireadh breis agus £6 mhilliún ar fáil tríd an Chlár SÍOCHÁIN III faoi choinne tionscadal mór, caipitiúil tógála eile. Osclaíodh é ag deireadh na bliana agus 'Skainos' an t-ainm atá air, focal Eabhraise a chiallaíonn áit chónaithe nó puball. Sráidbhaile nua, uirbeach atá ann i gcroílár Oirthear Bhéal Feirste.

D'oscail an Chéad-Aire, an Leas-Chéad Aire agus an tAire Forbartha Sóisialta an tsaoráid úr go hoifigiúil ar 23ú Samhain. Ghlac sé dhá bhliain déag an tsaoráid a fhorbairt agus tá an chéad ghairdín ingearach riamh ar oileán na hÉireann ann.

Tá réimse leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil do mhuintir na háite in Skainos, ina measc crèche, oideachas d'fhásaigh agus oiliúint i scileanna fostaíochta, comhairleoireacht, saoráidí cúraim do dhaoine aosta, agus spás do ghnónna a bhaineann leis an gheilleagar shóisialta. Cuirtear an tacaíocht seo ar fad ar fáil ar bhonn trasphobail agus tá tionchar mór aige ar chúrsaí i gceann de na bardaí is díothaí i Mórcheantar Bhéal Feirste.



*Taispeántar sa ghrianghraf (ó chlé go deas) Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an FCSAE, an LeasChéad-Aire Martin McGuinness CTR, an tOirmhinneach Gary Mason ó Mhisean Oirthear Bhéal Feirste agus an Chéad Aire Peter Robinson, CTR, ag seoladh oifigiúil an tionscadail Skainos.*

> *Is léiriú é an tionscadal seo ar ár mian spás ceart comhroinnte a chruthú ar Bhóthar Bhaile Nua na hArda. Is forbairt shuaitheanta í atá deartha go sainiúil le freastal ar riachtanais an phobail.*
>
> **– Glenn Jordan, Stiúrthóir Skainos.**

## Small Wonders II

Seoladh go hoifigiúil saoráid trasphobail cúram páistí i mí Mheán Fómhair. Tá sí suite gar do cheantar comhéadain i dTuaisceart Bhéal Feirste. Bronnadh maoiniú SÍOCHÁIN III air arbh fhiú breis agus £700,000 é. Tá teach pobail a bhí ina luí tréigthe athraithe ó bhun ina shaoráid nua-aimseartha cúram páistí agus is féidir léi glacadh le suas le 31 páiste i rith an lae agus 32 páiste i ndiaidh am scoile.

Ba é Ionad Mhná na Seanchille a d'fhorbair an tionscadal. Tá seomra TF ann agus an trealamh ar fad atá de dhíth ann agus baineann mná na háite úsáid as le cur lena scileanna ríomhaireachta agus leis na seansanna go bhfostófar iad. Tá oibrí forochtana pobail fostaithe go lánaimseartha leis an tionscadal le tuilleadh teagmhála trasphobail a chothú idir na pobail Chaitliceacha agus Phrotastúnacha trí úsáid chomhroinnte a bhaint as an tsaoráid nua.



*Taispeántar sa ghrianghraf (ó chlé go deas) an tAire Forbartha Sóisialta, Nelson McCausland, CTR, Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an FCSAE, Betty Carlisle MBE agus an tAire Stáit Fergus O'Dowd TD ag seoladh oifigiúil an tionscadail Small Wonders II.*

*"Is saoráid fháilteach í Small Wonders II, áit ina dtig le páistí as gach cúlra teacht le chéile le foghlaim agus súgradh i dtimpeallacht shlán, shábháilte. Tugtar cuidiú do mhná fosta na scileanna atá de dhíth orthu le post a fháil a fhoghlaim. Tá caidrimh fhiúntacha bunaithe ag daoine as an phobal Chaitliceach agus as an phobal Phrotastúnach lena chéile, daoine nach raibh teagmháil ar bith acu lena chéile roimhe seo."*

**– Tracy Harrison, Bainisteoir an Ionaid.**

## Stair Dheighilte a Theagasc (Teaching Divided Histories)

Tá £469,200 curtha ar fáil tríd an Chlár SÍOCHÁIN III faoi choinne tionscadal nua óige a bhfuil sé mar chuspóir aige deighiltí a shárú trí theacht ar chomhthuiscint ar ár stair. 'Stair Dheighilte a Theagasc (Teaching Divided Histories)' an t-ainm atá ar an tionscadal. Is é an tIonad Nerve i nDoire an ceannaire atá air agus tá Comhairle na Breataine, Aonad Forbartha Curaclaim Chathair Bhaile Átha Cliath agus CCEA mar chomhpháirtithe ann.

Tugtar múinteoirí iar-bhunscoile le chéile as fud fud Thuaisceart Éireann agus as Ceantar na Teorann i bPoblacht na hÉireann le réimse clár oideachais ilmheán a fhorbairt le heispéiris i gcoitinne maidir leis an choimhlint agus le cothú na síochána a scrúdú. Tá na múinteoirí oilte le scannáin, grianghrafadóireacht dhigiteach, beochain agus craoltaí ar an ghréasán a úsáid sa seomra ranga.

> *"Sa tionscadal seo, forbraíonn múinteoirí agus daltaí na scileanna atá de dhíth orthu leis na hilmheáin a úsáid le heispéiris éagsúla ar an stair atá i gcoitinne againn a scrúdú ar dhóigh chruthaitheach. Faigheann na daoine óga tuiscint níos doimhne ar ár stair agus foghlaimíonn siad fíorscileanna a chuideoidh leo éachtaí a dhéanamh ag leibhéal GCSE agus na deighiltí a tharla san am a chuaigh thart a shárú."*
>
> **– Emma McDermott, Bainisteoir an Tionscadail.**

## Laochra an Léigir Mhóir

Bronnadh breis agus £2 mhilliún ar Phrintísigh Dhoire le hionad nua cuartaíochta a dhéanamh agus leis an halla cuimhneacháin a bhí i nDoire cheana féin a athchóiriú. Caithfear an t-airgead ar shaoráid nua léirmhíniúcháin ina mbeidh eolas le fáil ag cuairteoirí ar an Léigear Mór in 1689. Cuirfidh an tsaoráid leis an obair fhorochtana thrasphobail atá déanta ag na Printísigh cheana féin.

Ar ghnéithe lárnacha an tionscadail tá ábhar nua teagasic ar stair an Léigir Mhóir a fhorbrófar do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna agus a bheidh nasctha leis na siollabais oideachais i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann. Beidh pacáistí eolais ag dul leis an ábhar teagaisc a bheidh dírithe ar thurasóirí agus ar dhaoine atá ina gcónaí ar fud na cathrach ach nach bhfuil mórán teagmhála acu, ná teagmháil ar bith go deimhin, le Printísigh Dhoire.



*Sa ghrianghraf (ó chlé go deas) in éineacht le roinnt rinceoirí traidisiúnta Ceilteacha, tá Shaun Henry, Stiúrthóir de chuid an FCSAE, an tAire Forbartha Sóisialta, Nelson McCausland CTR, Méara Dhoire, an Comhairleoir Kevin Campbell, an tAire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, Arlene Foster CTR, agus Ard-Rúnaí Phrintísigh Dhoire, William Moore.*

> *"Cuideoidh an t-ionad nua seo go mór leis na Printísigh leanacht ar aghaidh lena n-obair fhorochtana le gach pobal agus cuirfidh sé go mór leis na hiarrachtaí tuiscint níos fearr a fháil ar an éiteas, ar an stair agus ar an chultúr a ndéanann an Cumann ceiliúradh air."*
>
> **– William Moore, Ard-Rúnaí Phrintísigh Dhoire.**

# Forbhreathnú ar Chlár INTERREG IVA (2007-2013)

Is fiú €256 milliún an Clár Trasteorann um Chomhoibriú idir Críocha faoi choinne Tuaisceart Éireann, Ceantar na Teorann i bPoblacht na hÉireann agus Iarthar Alban (INTERREG IVA). Cuireann sé leis na Cláir INTERREG a bhí ann roimhe seo don réigiún agus bunaíodh é le tacú le comhoibriú straitéiseach trasteorann leis an réigiún a dhéanamh níos rachmasaí agus níos inbhuanaithe.

Faoi dheireadh 2012, bhí tuairim is €261 milliún geallta do 85 tionscadal faofa. Bhí an-rath ar an ghlaoch nua maoinithe a seoladh ag tús na bliana; cuireadh 91 iarratas nua ar mhaoiniú isteach. Thart ar €212 milliún a iarradh san iomlán agus tá €30 milliún go fóill ar fáil faoin Chlár. As an 91 iarratas a fuarthas, chuaigh 13 acu ar aghaidh go dtí an dara céim sa phróiseas measúnaithe agus muid ag druidim le deireadh na bliana. Tá an cinneadh deiridh faoi na tionscadail seo á dhéanamh faoi láthair.

Mar gheall ar an dóigh a bhfuil cúrsaí eacnamaíocha faoi láthair, tá sé fíorthábhachtach éagsúlú a dhéanamh sa gheilleagar réigiúnach agus an earnáil phríobháideach a spreagadh i dtreo na nuálaíochta, go háirithe i measc gnónna beaga agus meánmhéide.

Tá tacaíocht tugtha do roinnt tionscadal fiontraíochta faoi Chlár INTERREG IVA an AE. Tá na tionscadail agus na tionscnaimh seo ag cur le ceann de na príomhthosaíochtaí atá sa chlár, mar atá an dá thaobh i réigiún na teorann a dhéanamh níos rachmasaí.

## Tradelinks II

Bronnadh maoiniú ar fiú thart ar £3 mhilliún é ar Chlár Tradelinks II a thacaíonn leis an fhorbairt ghnó ar bhonn trasteorann. Cuirtear réimse leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil agus is iad na Boird Fiontar i gcontaetha na teorann agus Fiontraíocht Éireann a bhainistíonn an clár agus a chuireann i bhfeidhm é.

Faigheann an comhlacht 'Aruna' a dhéanann anlanna tacaíocht tríd an chlár seo. Is le Sarah Nic Lochlainn agus Sarajit Chanda as Baile Átha Fhirdhia, Contae Lú an comhlacht. Tairgeadh seirbhísí ceithre theagascóir dhifriúla forbartha gnó don bheirt tríd an chlár seo. Thug na teagascóirí taighde margaidh ar an earnáil 'ithe istigh' dóibh, tacaíocht le suíomh gréasáin a dhearadh, agus comhairle bhreise faoi dhíolacháin agus faoin mhargaíocht.

Gné eile a bhí leis an tacaíocht seo ná gur cuireadh branda 'Aruna' faoi bhráid LMI Foods Ltd, rud a chuidigh leo liostáil bhrabúsach a fháil in ionaid dáileacháin bia, SPAR, Vivo agus Dunnes ina measc.




*Sarah Nic Lochlainn agus Sarajit Chanda, comhbhunaitheoirí Aruna Sauces, ina mbialann 'Fuchsia House' i gContae Lú.*

> *"Bhí an oiliúint agus an mheántóireacht ghnó a fuair muid ó Tradelinks ar fheabhas. Chuidigh sé linn teagmhálacha tábhachtacha a dhéanamh agus ár suíomh gréasáin a fhorbairt, agus fuair muid tuiscint níos fearr ar an mhargadh easpórtála.."*
>
> **– Sarah Nic Lochlainn**

## Tradelinks II

Bhain Damien Jackson agus Declan Campbell as ‘SlideRax’ i nDún Geanainn úsáid as na seirbhísí tacaíochta gnó atá ar fáil faoin Chlár Tradelinks II. Mar a tharlaíonn i gcás cuid mhaith fiontraithe rathúla, tá gnó na beirte seo bunaithe ar smaoineamh maith.

Ba iad na deacrachtaí a bhí ag Declan le gnáthracaí dín an spreagadh a bhí aige le táirge nuálach a airgeadh. Tá an táirge sin anois mar bhunús le caighdeáin úra sa tionscal. Nuair a bhí an gnó ina thús, chuaigh Damien agus Declan i dteagmháil le hIonad Fiontar Dhún Geanainn le comhairle agus treoir a fháil. Chuir lucht an ionaid i dteagmháil le Clár Tradelinks iad agus chuidigh na meántóirí leo an chéad fhréamhshamhail riamh de ‘SlideRax’ a dhéanamh.



*Damien Jackson, úinéir SlideRax, a fuair tacaíocht faoin gclár Tradelinks II, arna thacú faoi chlár INTERREG IVA an AE.*

> *“Ba mhór an cuidiú é Clár Tradelinks. Ní hamháin gur chuidigh siad linn fréamhshamhail oibríoch a fhorbairt, thug siad tacaíocht luachmhar dúinn maidir le taighde margaidh agus margaíocht. Chuidigh na meántóirí linn ár suíomh gréasáin a fhorbairt agus chuir siad sinn i dteagmháil le dáileoirí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.”*
>
> **– arsa Damien, úinéir SlideRax**

## Borradh faoi Fhorás Gnó le Tionscadal ICE

Le tacaíocht an AE, bronnadh thart ar €2.5 milliún ar thionscadal forbartha gnó darb ainm ICE (Nuálaíocht do Fhiontair Iomaíocha). Tá cuidiú tugtha do chuid mhaith comhlachtaí i dTuaisceart Éireann, i gCeantar na Teorann i bPoblacht na hÉireann agus in Iarthar Alban a bpróisis ghnó a fheabhsú, táirgí nua a chruthú agus a mbrabúsacht a mhéadú.

Is é MIM Northern Ireland, atá lonnaithe i nDoire, ceann de na comhlachtaí sin agus bhain siad lántairbhe as an tacaíocht a tairgeadh faoin Chlár. Bunaíodh an comhlacht sa bhliain 1994 agus is speisialtóir é ó thaobh innealra táirgíochta a shuiteáil i réimse earnálacha difriúla gnó.

I ndiaidh dó freastal ar sheimineár nuálaíochta in Ollscoil Uladh inar pléadh an clár ICE, shocraigh John Deery, Príomhfheidhmeannach MIM NI, ar iarratas ICE a líonadh. Glacadh leis gan mhoill ar an chlár.

Le cuidiú leis cur lena mbuanna gnó, mhol an meántóir dó níos mó táirgí éagsúla a thairiscint. Ar na moltaí eile a bhí ann leis an ghnó a fheabhsú bhí díoltóir lánaimseartha a fhostú, córas rianaithe a chruthú a bheadh bunaithe ar an mhéid gnó a dhéanfaí, agus creidiúnú gnó atá aitheanta san earnáil phoiblí a bhaint amach.



*John Deery, Príomhfheidhmeannach MIM Northern Ireland, cuideachta a fuair tacaíocht mheantóireachta ón tionscadal ICE, arna mhaoiniú faoi chlár INTERREG IVA an AE.*

*“Mar thoradh ar an mheántóireacht a fuair muid ó chlár ICE, fuair muid dearcadh difriúil ar an dóigh a bhí an gnó á reáchtáil againn ó lá go lá. Bhí éirithe go maith linn suas go dtí sin, ach chuidigh an dearcadh úr linn forbairtí nua gnó a fhiosrú, forbairtí atá i ndiaidh muid a chur chun tosaigh.”*


**– John Deery.**

## Cuidíonn an Tionscadal ICE le Forás Gnó

Gnólacht eile a fuair tacaíocht faoi thionscadal ICE is ea SL Controls atá lonnaithe i Sligeach. Is í speisialtóireacht an ghnólachta seo Córais Déantúsaíochta Trealaimh a Chomhtháthú agus Tacaíocht do Chórais, nó, i bhfocail eile, táirgí nua a bhíonn in úsáid i ngach cineál déantúsaíochta a chruthú.

Bhí Keith Moran, Ard-Stiúrthóir ar SL Controls ag iarraidh cur le brabúsacht an ghnólachta agus chuaigh sé i dteagmháil le Clár ICE atá maoinithe trí INTERREG IVA i ndiaidh dó fógra a fheiceáil sa nuachtán áitiúil. Glacadh leis ar an chlár agus tugadh comhairle shonraithe dó féin agus dá fhoireann faoin easpórtáil agus a dtáirge uathúil 'DiVOM'.

Fuair Keith tacaíocht thar thréimhse bliana. Clúdaíodh réimse leathan saincheisteanna ceadúnaithe agus córais nua tomhais le cuidiú leis sruthanna ioncaim an chomhlachta a rianú.



*Keith Moran, Stiúrthóir Bainistíochta le SL Controls, cuideachta a fuair tacaíocht ón tionscadal ICE, arna mhaoiniú faoi chlár INTERREG IVA an AE.*

> *"Mar gheall ar an treoir a fuair muid trí Chlár ICE, bhí muid in ann bogadh ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile. Bhí tionchar feiceálach ar bhunlíne an ghnó agus beimid in ann cur leis an mhéid a bhíonn á thairiscint againn faoi láthair."*
>
> **– Keith Moran, Ard-Stiúrthóir SL Controls.**

## Páirc Eolaíochta an Iarthuaiscirt

Bronnadh maoinú ar fiú breis agus £12 mhilliún é ar Pháirc Eolaíochta an Iarthuaiscirt trí Chlár an AE, INTERREG IVA. Tógfar páirc eolaíochta 50,000 troigh cearnach ag Dún Sheoirse i nDoire agus cuirfear síneadh 20,000 troigh cearnach leis an tsaoráid CoLab in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn.

Is iad Fondúireacht Thuaisceart Éireann na bPáirceanna Eolaíochta, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, agus Grúpa Trasteorann Réigiún an Iarthuaiscirt na comhpháirtithe sa tionscadal seo.

Tá maoiniú meaitseála don tionscadal curtha ar fáil ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i bPoblacht na hÉireann.

Nuair a bheidh an tionscadal thart, beidh 'Éiceachóras Nuálaíochta' ann a chuirfidh ar a gcumas do ghnólachtaí nua teicneolaíochta agus dóibh siúd atá ann cheana féin a gcuid iomaíochta a fheabhsú. Cuideoidh sé fosta leis an infheistíocht i dtionscadal Kelvin, tionscadal a fhaigheann tacaíocht ó INTERREG IVA an AE, a uasmhéadú. Tá bonneagar na teileachumarsáide méadaithe go suntasach trí thionscadal Kelvin.




*Taispeántar sa ghrianghraf (ó chlé go deas) Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an FCSAE, an LeasChéad-Aire Martin McGuinness, CTR, Seosamh Mac Aodha TD, an tAire Forbartha Sóisialta, Nelson McCausland, agus Eugene McMenamin, Cathaoirleach Ghrúpa Trasteorann Réigiúin an Oirthuaiscirt, ag an bhfógra maoinithe £21m faoi chlár INTERREG IVA an AE i gcomhair Champas Eolaíochta an Oirthuaiscirt i nDoire.*

## The Life Aquatic – Tionscadal IBIS

Seoladh tionscadal nua comhshaoil a fuair maoiniú arbh fhiú níos mó ná £6 mhilliún é i mí an Mheithimh. IBIS an t-ainm atá air (Bainistíocht Chomhtháite Acmhainní Uisceacha idir Poblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus Iarthar Alban). Tríd an tionscadal seo, forbrófar sócmhainní nádúrtha mara agus fionnuisce ar fud na dtrí réigiún.

Seoladh an tionscadal go hoifigiúil i gCairlinn agus beidh sraith staidéar sonraithe ann ar bhradáin an Atlantaigh, ar eascanna na hEorpa, ar bhreaca geala, ar dhiúilicíní agus ar thionchar athrú na haeráide ar Cheantair Chosanta Mhuiríocha. Tá Gníomhaireacht na Lochanna, Ollscoil Ghlaschú agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste mar chomhpháirtithe sa tionscadal seo.

Tá cuid shuntasach den mhaoiniú don tionscadal seo á chaitheamh ar shaoráid taighde agus oiliúna den chéad scoth a fhorbairt in Iarthar Alban. Nuair a bheidh an tsaoráid nua taighde, teagaisc agus chónaithe réidh, cuirfear sainoiliúint ar fáil do ghlúin úr cleachtóirí i réimse na n-acmhainní uisceacha.




*Taispeántar sa ghrianghraf (ó chlé go deas) Derick Anderson, Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochanna, Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an SEUPB, an tAire Stáit Fergus O'Dowd agus Howard Platt ó Ghníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann, ag seoladh an tionscadail trasteorann IBIS um bainistíocht na n-acmhainní uisceacha.*

# INTERREG IVB agus IVC (Trasnáisiúnta agus Idir-Réigiúnach)

Tá ról lárnach ag FCSAE páirtíocht eagrais an Tuaiscirt agus Deiscirt sna Cláir Thrasnáisiúnta agus Idir-Réigiúnacha (INTERREG IVB agus IVC) a éascú. Is é FCSAE atá i gceannas ar an Chéad Leibhéal Rialaithe do gach páirtí as Tuaisceart Éireann atá ag obair de réir na gclár seo.

Is iad na Cláir ghaolmhara in INTERREG IVB Clár Eorpach an Iarthuaiscirt; Clár Cheantar an Atlantaigh; agus Clár Fhorimeall an Tuaiscirt (is é FCSAE atá mar phointe Teagmhála Réigiún Thuaisceart Éireann).

Thug FCSAE tacaíocht do Chomhdháil Bhliantúil Chlár Fhorimeall an Tuaiscirt in 2012 a bhí ar siúl i nDoire ar 15ú Samhain. Ba é aidhm na comhdhála amharc ar réimse an chláir i ndiaidh 2013, léargais agus an cleachtas is fearr ón chlár a sholáthar, agus smaointe agus téamaí a fhorbairt i dtaca leis an chomhoibriú ionchasach sa todhchaí.


Ag deireadh 2012, bhí 54 tionscadal agus 67 comhpháirtí as Tuaisceart Éireann páirteach sna cláir thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha; bhí rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gceist le 35 tionscadal acu siúd.

## Tacaíocht an AE a Láidriú trí Thionscadal Batterie

Is tionscadal é Batterie ina bhfuil 14 chomhpháirtí as an chúig Réigiún i gCeantar an Atlantaigh páirteach, an RA, Éire, an Fhrainc, an Spáinn agus an Phortaingéil. Is é 'Action Renewables' as Tuaisceart Éireann atá i gceannas air agus bíonn sé ag plé le dóigheanna nuálacha le breoslaí ailtéarnacha agus an teicneolaíocht chliste a imeascadh le líonraí idirnáisiúnta iompair san aer, ar bhóithre, ar iarnróid agus ar muir.

Is é ceann de na rudaí atá á dhéanamh ag BATTERIE faoi láthair ná 'uirlis pleanála turas' atá idirghníomhach agus bunaithe ar an ghréasán. Tá an uirlis á forbairt ag Coláiste an Iardheiscirt agus beidh an t-úsáideoir in ann turas trasna Cheantar an Atlantaigh a phleanáil agus úsáid a bhaint as breoslaí ailtéarnacha, feithicil leictreach mar shampla. Rachaidh gach réigiún i mbun turais phíolótaigh le faisnéis a chur isteach san uirlis pleanála turas.

Tá lucht an tionscadail i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann ag obair go dlúth le eCars agus faigheann siad tacaíocht ón Roinn Comhshaoil agus ón Roinn Forbartha Réigiúnaí. Déanfar roinnt tuarascálacha fosta tríd an tionscadal seo ina dtabharfar treoir faoi bheartais do lucht ceaptha beartas.



*Taispeántar sa ghrianghraf (ó chlé go deas) an tAire Forbartha Réigiúnaí Danny Kennedy, in éineacht leis an Aire Comhshaoil Alex Attwood agus Terry Waugh ó Action Renewables ag seoladh an tionscadail BATTERIE.*




*Oiliúint asbhainte do bhaill foirne Dóiteáin & Tarrthála mar chuid den tionscadal 'Driving Change', arna mhaoiniú faoi chlár INTERREG IVA an AE, tionscadal a dearadh chun líon na mbásanna de bharr timpistí bóthair a laghdú ar bhonn trasteorann.*

# An Teachtaireacht a Chur in Iúl in 2012

## Mórghníomhaíocht Faisnéise – Clár SÍOCHÁIN III

*Muinín a Bhunú, Deighiltí a Shárú*

**Comhdháil SÍOCHÁIN III, Halla na Cathrach, Béal Feirste.**

Aithníodh obair na gComhpháirtíochtaí Síochána ag mórchomhdháil ar 13ú Samhain i Halla na Cathrach i mBéal Feirste. Bhí breis agus 200 toscaire i láthair ag an imeacht agus chuir ionadaithe ó thionscadail a bhaineann leis an fhrithchiníochas, leis an fhrithsheicteachas agus le forbairt na ceannaireachta léirithe i láthair. Ba iad na trí réimse seo príomhthéamaí na comhdhála agus pléadh go mion iad i dtrí cheardlann ar leith.




*Feidhmíonn an craoltóir áitiúil William Crawley mar Fhear an Tí don Chomhdháil PEACE III, a tionóladh ag Halla na Cathrach i mBéal Feirste ar an 13 Samhain.*

Bhí taispeántas idirghníomhach ann ina raibh samplaí de na tionscadail atá ar bun ag na Comhpháirtithe Síochána uilig ar fud an réigiúin. Léirigh an taispeántas seo réimse leathan na hoibre atá ag fáil tacaíochta tríd an chláir agus bhí deis acu siúd a raibh ábhar á thaispeáint acu eiseamláracha den chleachtas is fearr agus den nuálaíocht a léiriú do dhaoine eile.

Bhí ionadaíocht ag daoine óga ann ón eagras tacaíochta óige Public Achievement a rinne suirbhé gairid leis na toscairí lena ndearcadh i leith cothú na síochána a mheasúnú. Dhírigh an suirbhé seo ar na príomhdhúshláin atá le sárú leis an tsíocháin a chothú, ar na dóigheanna is fearr le comhthuiscint trasphobail a chur chun cinn, agus ar na tosaíochtaí maoinithe do Chlár SÍOCHÁIN ar bith a bheidh ann sa todhchaí.

*Is é cuspóir chomhdháil an lae inniu feasacht a ardú agus tuiscint ar an obair thábhachtach atá á déanamh faoi Chlár SÍOCHÁIN III a chur chun cinn – baineann sí leis na tionscadail agus leis na daoine atá ag obair orthu. Tá an t-eolas agus an saineolas atá faighte ag na Comhpháirtíochtaí Síochána agus ag FCSAE mar acmhainn riachtanach anois ag pobail ar fud Cheantar na Teorann i bPoblacht na hÉireann.*

**– an tAire Stáit, Brian Hayes TD.**

# Mórghníomhaíocht Faisnéise – Clár INTERREG IVA




*Maria-Jose Duval-Tedin, Bainisteoir an Chláir INTERREG IVA, Tony Connelly, Eagarthóir Eorpach le RTÉ, agus Gerry Finn, Stiúrthóir Thionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair, ag an gComhdháil um Lá an Chomhair Críche Eorpaigh, a bhí ar siúl i nDún Dealgan ar an 20 Meán Fómhair.*

Chomhordnaigh FCSAE mórchomhdháil trasteorann ar 20ú Meán Fómhair i nDún Dealgan mar chuid de shraith imeachtaí a bhí ar siúl ar fud na hEorpa le 'Lá an Chomhoibrithe san Eoraip' a cheiliúradh. Eagraíodh an chomhdháil uile-oileánda i gcomhpháirtíocht le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir agus le Tionól Cheantar na Teorann, Lártíre agus an Iarthair.

Cuireadh cás-staidéir i láthair ó réimse tionscadal éagsúil a bhí ag fáil tacaíochta ó na Cláir Eorpacha INTERREG IVA, IVB agus IVC agus a léirigh príomhthéamaí straitéis an AE, '2020', i dtaca le fás 'cliste', 'inbhuanaithe' agus 'uileghabhálach' a chur chun cinn.

Fuair FCSAE Tony Connelly, Eagarthóir Chúrsaí na hEorpa in RTÉ, le bheith ina fhear tí ar an ócáid agus le díospóireacht bheoga a stiúradh tráthnóna idir bhaill an phainéil ar 'Deiseanna sa Todhchaí agus Comhoibriú idir Críocha na hEorpa'. Bhí thart ar 150 toscaire i láthair ag an imeacht agus bhí taispeántas idirghníomhach ann de 13 thionscadal dhifriúla a bhí ag fáil tacaíochta ó INTERREG.

# Cuairt ar an Chóiré, Deireadh Fómhair 2012

Thug an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i bPoblacht na hÉireann cuireadh do Pat Colgan a bheith ina bhall de thoscaireacht a bhí le cuairt a thabhairt ar an Chóiré Theas. Bhí cainteanna in Seoul i mí Dheireadh Fómhair 2011 idir Éamon Gilmore, an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i bPoblacht na hÉireann, agus Yu Woo-ik, an tAire Aontachta i bPoblacht na Cóiré. Is ó na cainteanna sin a d'eascair an chuairt ar an Chóiré Theas.

Thug ionadaithe ón Roinn Aontachta sa Chóiré cuairt ar Éirinn i ndiaidh na gcainteanna idir an Tánaiste agus an tAire Aontachta. Mar thoradh ar an teagmháil sin, socraíodh go dtabharfadh toscaireacht oifigeach as Éirinn cuairt ar Seoul. Sa toscaireacht bhí ionadaithe ón Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus ionadaithe ó dhá Chomhlacht Thuaidh Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, FCSAE agus Idir-Thrádáil Éireann. Mhair an chuairt ón Luan 15ú Deireadh Fómhair go dtí an Déardaoin 18ú Deireadh Fómhair.

Ba é cuspóir na cuairte ionadaithe ó Rialtas na Cóiré a chur ar an eolas faoin Phróiseas Síochána in Éirinn, faoi na socruithe institiúidiúla a cuireadh i bhfeidhm de bhun Chomhaontú Aoine an Chéasta, agus obair an dá Chomhlacht a bunaíodh faoin Chomhaontú a mhíniú. I gcás FCSAE, tugadh cur síos mion ar na Cláir SÍOCHÁIN agus roinnt eolais fosta ar Chláir INTERREG.

# Todhchaí Chomhroinnte: an tSíocháin a Dhéanamh agus a Chothú, Cás-Staidéar Thuaisceart Éireann

Ag deireadh mhí Aibreáin, tugadh cuireadh do Pat Colgan labhairt in éineacht leis an Seanadóir George Mitchell agus le hAmbasadóir na Náisiún Aontaithe, Mehmet Levent Bilman, ag Comhdháil Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath d'eagraigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Bhí ionadaithe ó na Ranna Gnóthaí Eachtracha sa 56 tír atá in ENSACE (OSCE – Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip) i láthair ag an imeacht inar scrúdaíodh ceisteanna a bhaineann le déanamh na síochána inbhuanaithe.

# An Comhchoiste um Fheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta

Tugadh cuireadh do FCSAE ar 5ú Iúil cur i láthair a dhéanamh don Chomhchoiste um Fheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta faoin dul chun cinn a bhí á dhéanamh ar Chláir SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA. Bhí Teachtaí Dála agus Comhaltaí Tionóil i láthair ag an chruinniú seo i dTithe an Oireachtais. Deis ba ea é ag FCSAE rathúlacht na gclár go dtí sin agus na dtionscadal a bhí ag fáil cúnaimh uathu a léiriú.

# Ag Amharc Chun Tosaigh, Cláir Nua 2014-2020

Tiocfaidh deireadh leis na Cláir SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA in 2013. Cuirfear tús le timthriall úr clár in 2014 agus tiocfaidh deireadh leis in 2020. Le hullmhú dó sin, d'iarr an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí i bPoblacht na hÉireann ar FCSAE ábhar a fhorbairt do Chlár ionchasach SÍOCHÁIN IV agus INTERREG V.

Is tábhachtach an chéad chéim i bhforbairt na gClár seo, mar atá dul i gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara. Sheol FCSAE próiseas comhairliúcháin phoiblí ar 28ú Lúnasa a mhair go dtí an Mháirt 20 Samhain 2012. Ba é cuspóir an phróisis seo léargas a thabhairt ar Rialacháin dréachta an AE maidir leis an Bheartas Chomhtháite agus tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara agus an phobail mhóir a fháil ar ábhar, ar fheidhmiú agus ar mheicníochtaí ionchasacha seachadta do na cláir nua.

Chomhordnaigh FCSAE sraith seimineár comhairliúcháin sa tréimhse idir mí Lúnasa agus mí na Samhna sa cheantar chuí a chuimsigh Tuaisceart Éireann, Ceantar na Teorann i bPoblacht na hÉireann agus Iarthar Alban. Bhí breis agus 1,000 duine i láthair ag na himeachtaí seo.

Bunaíodh 'Grúpa Stiúrtha Forbartha Clár' fosta le forbairt na gClár nua a bhreathnú agus le tacú léi. Bhí ionadaithe ó na Ballstáit i láthair mar aon le comhpháirtithe sóisialta, ionadaithe ón earnáil phobail agus dheonach agus ó rialtais áitiúla.

Le linn 2013, leanfaidh FCSAE air ag déanamh dréachtanna do na Cláir Oibriúcháin lena chinntiú go mbeidh an cead cuí faighte le gur féidir tús a chur leis na Cláir chomh luath agus is féidir in 2014.




*Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an FCSAE, ag labhairt dó ag ceann de shraith imeachtaí comhairliúcháin phoiblí arna dtionól ar fud Thuaisceart Éireann, Phoblacht na hÉireann agus Iarthar na hAlban.*





*Radharc ar an ngairdín ingearach, atá ina chuid den tionscadal Skainos, arna mhaoiniú faoi chlár PEACE III an AE.*

# Cuntais Bhliantúla
## An Bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2012

### Réamhrá faoi na Cuntais

#### Buneolas

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas é an Foras um Chláir Speisialta AE (FCSAE/ SEUPB) atá faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an Roinn Airgeadais roimhe seo) i bPoblacht na hÉireann. Bunaíodh FCSAE ar 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh comhlachtaíforfheidhmithe, a bhfuil an tOrd um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 mar bhuntaca leo. Cuireann an Foras um Chláir Speisialta AE tuairiscí faoi bhráid na Comhairle Aireachta Thuaidh/ Theas. Is iad príomhfheidhmeanna FCSAE Cistí Struchtúracha áirithe an AE, amhail SÍOCHÁIN agus INTERREG, a riar agus, leis sin, tacaíocht a chur ar fáil do réimse clár forbartha agus athnuachana i dTuaisceart Éireann, i gceantair na teorann i bPoblacht na hÉireann, agus in Iarthar Alban.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na nithe a leanas:

* Na socruithe airgeadais i gCuid 7 d'Iarscríbhinn 2 i gComhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh Comhlachtaí Forfheidhmithe;

* Treoir ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir mar atá i Meamram Airgeadais FCSAE; agus

* An treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### Léargas Gnó
Tá léargas ar ghníomhaíochtaí an Fhorais um Chláir Speisialta AE agus faoi fhorbairtí amach anseo le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil.

#### Ioncam agus Caiteachas
Tá ioncam agus caiteachas an Fhorais um Chláir Speisialta AE leagtha amach ar leathanach 9. Ba é €0.6k (Stg £0.5k) an barrachas don bhliain - 2011: €1.3k (Stg £1.1k)

#### Sócmhainní Seasta
Tá sonraí ar ghluaiseacht sócmhainní seasta leagtha amach i Nóta 8 atá leis na cuntais. Le linn na bliana, bhain an príomhchaiteachas ar shócmhainní seasta le crua-earraí agus le bogearraí TF.

#### Taighde agus Forbairt
Ní raibh caiteachas suntasach ar bith sa réimse seo.

#### Imeachtaí Tábhachtacha a Tharla i ndiaidh Dheireadh na Blaina
Níor tharla imeacht tábhachtach ar bith ó bhí deireadh na bliana ann a mbeadh tionchar aige ar na Cuntais seo.

#### Tabhartais Charthanachta
Ní dhearna an Foras um Chláir Speisialta AE tabhartas carthanachta ar bith le linn na bliana airgeadais.

## Comhaltaí Boird

Is é an Príomhfheidhmeannach a dhéanann feidhmeanna FCSAE. Níl comhaltaí boird ar bith ann.

Níl stiúrthóireachtaí ná suimeanna ar bith eile ag an Phríomhfheidhmeannach a bheadh ag teacht salach lena fhreagrachtaí bainistíochta.

## Íocaíocht do Sholáthróirí

Tá an Foras um Chláir Speisialta AE tiomanta le billí a íoc go pras d'earraí agus do sheirbhísí de réir an Achta um Íoc Mall Fiach Tráchtála (Ús) 1998 sa Ríocht Aontaithe,arna leasú leis na Rialacháin um Íoc Mall Fiach Tráchtála, agus de réir na Rialachán um Íoc Mall Idirbheart Tráchtála 2002. Muna bhfuil a mhalairt ráite sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite taobh istigh de 30 nó 45 lá, de réir mar is cuí, ón lá a fhaightear na hearraí nó na seirbhísí, nó ón lá a chuirtear sonrasc bailí nó éileamh comhchosúil i láthair,cibé ceann acu is déanaí.

Tá riail íoca phrais taobh istigh de 30 lá i bhfeidhm i ngach Oifig de chuid FCSAE, beag beann ar an dlínse as a dtagann an bille. Rinneadh athbheithnithe go rialta lena thomhas cé chomh pras agus a d'íoc an Foras um Chláir Speisialta AE a chuid billí agus fuarthas amach gur íocadh 98.0% (2011 - 98.8%) de na billí de réir an chaighdeáin seo.

I mí na Nollag 2008, tugadh treoir do na Comhlachtaí Poiblí tacú le gnónna trí gach iarracht a dhéanamh íocaíochtaí a dhéanamh le soláthróirí laistigh de 10 lá den lá a fhaightear sonrasc bailí. In 2012 d'íoc FCSAE 73% dá shonraisc laistigh de 10 lá. (2011: 85%)

Tá glactha ag FCSAE le Téarmaí agus Coinníollacha na Ranna Cuntasacha maidir le hÍoc Deontas le go ndéanfar íocaíochtaí le tionscadail tríd an Aonad Lárnaithe Íocaíochtaí. Bíonn ar FCSAE íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail laistigh de 8 lá oibre den lá a fhaightear éileamh bailí. Baineadh an sprioc seo amachi gcás 99.8% (2011 - 95%) de na híocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana. Seo anailís orthu:

| | Iomlán | Mall | % in am |
|---|---|---|---|
| SÍOCHÁIN III | 1,991 | 3 | 99.85% |
| INTERREG IVA | 759 | 2 | 99.74% |
| Iomlán | 2,750 | 5 | 99.82% |

## An Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta scríofa ag FCSAE agus tá sé curtha chuig gach ball foirne. Tá an beartas ag teacht leis na riachtanais dhlíthiúla a chaithfear a chomhlíonadh sa dá dhlínse sa dóigh is gur féidir le FCSAE ardchaighdeán sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach san eagras.

## Fostaithe atá faoi Mhíchumas

Is léiriú é Plean Gníomhaíochta FCSAE 2011-2013 ar thiomantas an Fhorais um Chláir Speisialta AE a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh de réir Alt 49A den Acht in aghaidh Idirdhealaithe ar bhonn Míchumais1995.

Tá bearta sa phlean a chuirfidh FCSAE i bhfeidhm lena chinntiú go mbaintear comhionannas deiseanna amach, ní hamháin dá fhostaithe féin, ach d'iarratasóirí agus d'fhostaithe sa todhchaí. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an phlean gach trí bliana de réir an chlár ama Pleanála Corparáidí atá ag FCSAE.

Tá FCSAE tiomanta do bheith ag

caitheamh le gach ball foirne agus le gach iarratasóir ar fhostaíocht atá faoi mhíchumas le dínit agus le meas agus cuirfidh sé timpeallacht oibre ar fáil atá saor ó idirdhealú mídhleathach, íospairt agus ciapadh ar bhonn míchumais.

Go sonrach, tá sé mar aidhm ag FCSAE:

- Timpeallacht dhearfach oibre a chur chun cinn ina nglactar gan cheist le daoine atá faoi mhíchumas;
- An timpeallacht oibre agus cleachtais oibre a scrúdú lena chinntiú go mbaintear ar shiúl constaicí, nuair is féidir, ar chumas na mball foirne sin atá faoi mhíchumas a bheith lánpháirteach sa saol in FCSAE;
- Timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil;
- Forbairt scileanna agus mianach na mball foirne sin atá faoi mhíchumas a chinntiú trí oiliúint agus forbairt foirne; agus
- Rochtain ar réimse iomlán na ndeiseanna earcaíochta agus forbartha gairme atá ar fáil a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumas.

### Páirtíocht Fostaithe

Coinnítear na fostaithe ar an eolas faoi fhorbairtí go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil araon, agus tá roinnt tionscnamh idir lámha a bhaineann leis an bheartas earcaíochta, le soláthar oiliúna agus le bainistiú áitreabh agus áiseanna.



Pat Colgan
Príomhoifigeach Feidhmeannach

25 Deireadh Fómhair 2013

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Duine Chuntasaigh

Tá treoir tugtha ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don Fhoras um Chláir Speisialta AE ráiteas maidir le cuntais a ullmhú don bhliain dar críoch 31 Nollaig de réir na formáide atá leagtha amach sa treoir ar chuntais atá mar aguisín leis na ráitis airgeadais seo.

Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhraithe agus caithfidh siad léargas cearta, cothrom a thabhairt ar chúrsaí FCSAE ag deireadh na bliana, ar ioncam agus caiteachas, ar ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta, agus ar shreabhadh airgid don bhliain féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú, caithfidh FCSAE:

- Déanamh de réir na treorach ar chuntais a d'eisigh na Ranna Coimircíochta, na riachtanais ábhartha cuntasaíochta agus nochta san áireamh, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach;

- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta a dhéanamh;

- A rá cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh de réir na gcaighdeán cuí cuntasaíochta agus difríocht nithiúil ar bith sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú; agus

- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás ina gcreidtear nach leanfaidh FCSAE ar aghaidh i mbun gnó.

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh mar Oifigeach Cuntasaíochta don Fhoras um Chláir Speisialta AE, an fhreagracht as cuibheas agus rialtacht cistí poiblí agus as taifid chearta a choinneáil, leagtha amach sa Mheamram Airgeadais.

# An Foras Um Chláir Speisialta Ae Ráiteas Maidir Le Rialú Inmheánach

### Scóip freagrachta

Tá sé mar fhreagracht ormsa, mar Oifigeach Cuntasaíochta, córas slán rialaithe inmheánaigh a choinneáil a chuidíonn le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí FCSAE a bhaint amach agus, san am céanna, le cistí poiblí agus sócmhainní an fhorais a chosaint, sócmhainní a bhfuil mé féin freagrach astu go pearsanta, de réir na bhfreagrachtaí a shanntar dom in Managing Public Money Northern Ireland agus sna Gnáthaimh Airgeadais Phoiblí.

Tá cur síos sonrach ar fhreagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta (an Príomhfheidhmeannach) leagtha amach, de réir creat airgeadais agus gnó,sa Mheamram Airgeadais idir FCSAE agus a ranna coimircíochta. Caithfidh FCSAE feidhmiú de réir na gcaighdeán agus na treorach ar ghnáthaimh chuntasaíochta agus airgeadais atá leagtha amach sa lámhleabhar Managing Public Money (NI).

Tá Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm a rialaíonn an caidreamh idir FCSAE agus Ranna Cuntasacha, na freagrachtaí atá ar gach páirtí ina measc.

## Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le bainistiú réasúnta a dhéanamh ar rioscaí agus ní leis an bhaol go dteipfidh orainn ár mbeartais, ár n-aidhmeanna agus ár gcuspóirí a bhaint amach a bhaint ar fad. Ní féidir, mar sin de, ach dearbhú réasúnta éifeachtúlachta a thabhairt, ní dearbhú absalóideach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá deartha le rioscaí i leith feidhmiú beartas agus baint amach aidhmeanna agus cuspóirí FCSAE a aimsiú agus a chur in ord tosaíochta, leis an dóchúlacht go bhfíorófar na rioscaí sin a mheasúnú agus a dtionchar dá dtitfeadh siad amach a mheasúnú, agus lena mbainistiú go héifeachtúil, tíosach. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm san Fhoras um Chláir Speisialta AE le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012 agus suas go dtí dáta faofa na tuarascála bliantúla agus na gcuntas, agus cuireadh i bhfeidhm é de réir threoir na Roinne Airgeadais.

## An acmhainn le rioscaí a láimhseáil

Tá gnáthaimh fhóirsteanacha curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go bhfuil cuspóirí agus rioscaí FCSAE aitheanta agam agus go bhfuil straitéis rialaithe oibrithe amach agam i dtaca le gach ceann de na rioscaí suntasacha de. Mar thoradh air sin, tá rioscaí sannta don fhoireann chuí agus tá a dhearcadh i leith rioscaí agus gnóthú a chuid cuspóirí leagtha amach ag FCSAE.

Tá cinnte déanta de agam go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm lena dhearbhú go ndéantar athbhreithniú agus tuairisciú go rialta ar ghnéithe de bhainistiú rioscaí agus de rialú inmheánach. Tá measúnú iomlán rioscaí agus rialaithe déanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012. Tá bainistiú rioscaí fite go hiomlán sa phróiseas pleanála corparáidí agus déanta cinntí atá ag FCSAE.

Caithfidh an fhoireann Bainistíochta tuairiscí a thabhairt dom go rialta maidir leis na príomhrioscaí aitheanta a d'fhéadfadh cur isteach ar a réimse oibre féin.
Faighim tuairiscí tréimhsiúla faoi rialú inmheánach. Tá na céimeanna cuí á nglacadh le rioscaí a bhainistiú i réimsí suntasacha freagrachta agus le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn sna príomhthionscadail.

## An creat rioscaí agus rialaithe

I ndiaidh gur aithníodh príomhchuspóirí agus príomhrioscaí FCSAE, rinneadh tuilleadh oibre le níos mó leanúnachais a chur i bhfeidhm maidir leis an dóigh a mbíonn FCSAE ag plé le rioscaí.

Le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012, rinne FCSAE an méid seo a leanas:

- Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar thaifead na rioscaí atá roimh an eagras;
- Cuireadh i bhfeidhm córas príomhtháscairí feidhmíochta agus rioscaí;
- Bhí Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ann a d'obair de réir an chleachtais is fearr;
- Coinníodh clár rioscaí a bhaineann leis an eagras ina iomláine; agus
- Rinneadh socruithe le go ndéanfadh na Stiúrthóirí agus na Bainisteoirí tuairiscí ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh.

Tá trí stiúrthóireacht in FCSAE agus bhí 65 post ann in 2012. Rinne an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú foirnithe sa dara leath de 2012. Tá moladh sa tuarascáil líon na bpostanna a laghdú go 60 in 2013 agus go 57 in 2014. Tá gealltanas i bplean gnó 2013 FCSAE an chéad cheann de na moltaí sin a chur i bhfeidhm. Níl cinneadh ar bith déanta maidir le líon na bpostanna in 2014. Cuirfidh FCSAE cibé cinneadh a dhéanfaidh na hAirí i bhfeidhm, agus déanfaidh sé athbhreithniú ar ghnóthú na gcuspóirí sa phlean gnó de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil. Déanfaidh FCSAE monatóireacht fosta ar rioscaí gnó ar bith a thiocfaidh chun cinn mar gheall ar laghdú ar an fhoireann.

### Dearbhú maidir le Faisnéis

Aithním an fhreagracht atá orm faisnéis a láimhseáil go cruinn agus go slán agus í a cheapadh agus a phróiseáil go cruinn, go háirithe sa chás ina mbeidh sí in úsáid ag tríú páirtithe nó ina mbeidh codanna eile den rialtas ag brath uirthi.
Tá na gníomhartha seo a leanas déanta leis an fhreagracht seo a chomhlíonadh go héifeachtach:

- Tá an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ceaptha mar Oifigeach Sinsearach na dTaifead Faisnéise. Tá dearbhú faighte ag an Oifigeach seo ó bhainisteoirí. Tá ceisteanna faisnéise curtha san áireamh ag na bainisteoirí ina gcláir rioscaí féin agus cuireann siad tuairiscí ar fáil go míosúil.

- Tá Oifigeach Faisnéise ceaptha le cuidiú a thabhairt le Beartais Faisnéise FCSAE a chur i bhfeidhm go leanúnach agus tá iniúchadh faisnéise idir lámha leis an fhoireann uilig le measúnú a dhéanamh ar na réimsí dea-chleachtais, rioscaí agus feabhsuithe atá de dhíth.

- Tá rioscai faisnéise FCSAE measúnaithe de réir an chleachtais is fearr agus tá na torthaí curtha faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí.

- Ní rioscaí móra don eagras iad cuid de na rioscaí a aithníodh, agus cuireadh cuid eile acu as an áireamh trí Chóras Bainistithe Sonraí Leictreonacha a chur i bhfeidhm in 2012.

### Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá sé mar fhreagracht orm éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú.

Bíonn m'athbhreithniú ar an chóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus ar obair na mbainisteoirí in FCSAE a bhfuil forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe inmheánaigh mar fhreagracht orthu, agus ar ráitis na n-iniúchóirí seachtracha ina dtuarascáil dóibh siúd a bhfuil rialú agus tuairiscí eile mar fhreagracht orthu. Tá comhairle curtha orm ag an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí maidir le himpleachtaí thorthaí m'athbhreithnithe ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus tá plean i bhfeidhm le dul i ngleic le laigí agus lena chinntiú go mbíonn an córas á fheabhsú go leanúnach.

Faoi alt 59 sa Rialachán ón Chomhairle (CE) Uimh 1083/2006, tá Údarás Iniúchóireachta sannta ag na Ballstáit le bheith freagrach as a dheimhniú go bhfuil an córas rialaithe bainistíochta ag feidhmiú go héifeachtach. Tá foireann sa Roinn Airgeadais agus Pearsanra sannta leis an

ról seo a chomhlíonadh. Tá sé cuntasach go díreach do Choimisiún an AE. Tá sainfhreagrachtaí breise ar an Údarás Iniúchóireachta as:

- Iniúchadh ar oibríochtaí bunaithe ar shampla fóirsteanach leis an chaiteachas a fhógraítear a dheimhniú;
- Plean iniúchóireachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin;
- Tuarascálacha Bliantúla Rialaithe agus Tuairimí Iniúchóireachta a chur isteach chuig Coimisiún an AE (tá tuairimí neamhcháilithe iniúchóireachta eisithe don bhliain 11/12). Cuirtear na tuarascálacha seo ar fáil do FCSAE, do na Ranna Coimircíochta, agus don Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí.

Tá Comhaontú Seirbhíse ag FCSAE le hIniúchóir Inmheánach na Roinne Airgeadais agus Pearsanra; bíonn an tIniúchóir ag obair de réir na gcaighdeán atá luaite i gCaighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí an Rialtais. Faightear tuairiscí rialta, ina measc tuairim neamhspleách cheann Rannóg na hIniúchóireachta Inmheánaí maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh FCSAE agus moltaí lena fheabhsú. 'Sásúil' an leibhéal bliantúil dearbhaithe a bronnadh in 2012. 'Sásúil' ar a laghad an leibhéal dearbhaithe a bronnadh i gcás gach iniúchadh aonair sa bhliain 2012.

Ó am go chéile, déanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh breise ar FCSAE i gcomhthéacs Ráiteas Dearbhaithe do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Díríonn iniúchta den chineál seo ar shampla den chaiteachas atá deimhnithe agus curtha isteach chuig an Choimisiún. Bhain an t-iniúchadh deireanach den chineál seo, a rinneadh go luath sa bhliain 2011, le SÍOCHÁIN III. Aontaíodh torthaí an iniúchta leis an Choimisiún Eorpach agus níor tháinig ceisteanna suntasacha ar bith do FCSAE chun solais.

Tháinig Ciste Iniúchóireachta agus Rioscaí FCSAE le chéile ceithre huaire in 2012 agus pléadh réimse saincheisteanna, na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm in FCSAE san áireamh. Bhí cathaoirleach neamhspleách agus ball neamhspleách eile den Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí gníomhach le linn 2012.

Is iad seo a leanas na daoine a bhí ar an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí le linn na bliana:

**Cathaoirleach Neamhspleách**
Bryan Johnston (go dtí 18/04/2012),
Brendan Mullan (ó 02/07/2012 i leith)

**Ball Neamhspleách**
John Cowley (go dtí 18/04/2012)

**Ionadaí RAP**
Maura Young

**Ionadaí RCPA**
Gearóid O'Keefe

Tá freagrachtaí an Choiste iomláin leagtha amach ina Théarmaí Tagartha. Cuireann siad comhairle ar an Oifigeach

Cuntasaíochta maidir leis na nithe a leanas:

- na próisis straitéiseacha maidir le rioscaí, rialú agus rialachas;
- na cuntais, na beartais chuntasaíochta agus an tuarascáil bhliantúil;
- gníomhaíochtaí atá beartaithe maidir le hiniúchadh inmheánach agus seachtrach; agus

– dearbhuithe maidir le rialachas agus bainistiú na gClár AE.

Le cuidiú leo a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh, tagann an Coiste le chéile lena éifeachtúlacht féin a athbhreithniú agus faigheann na baill neamhspleácha na miontuairiscí ó Chruinnithe na Foirne Ardbhainistíochta. Déanann an Coiste Tuarascáil Bhliantúil ina mbíonn achoimre ar a chuid oibre i rith na bliana.

Tá an 'Cuibhreannas' (Comhlacht Idirmheánach comhdhéanta den Chomhairle um Chaidreamh Pobail agus Pobal) faoi chonradh ag FCSAE deontas domhanda, curtha ar fáil ag an Choimsiún Eorpach agus ag an Rialtas Lárnach faoi choinne gníomhaíochtaí áirithe a bhfuil cuspóirí ar leith leo (beart 1.2 de chlár SÍOCHÁIN III), a dháileadh agus a riar. Tá siad seo leagtha amach ina gconradh agus baineann FCSAE úsáid astu le monatóireacht a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht. Lena chois sin, bíonn cruinnithe déthaobhacha ag Údarás Bainistíochta FCSAE leis an Chuibhreannas uair sa ráithe le monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh a gcuid seirbhísí. Chomh maith leis sin, déanann an tÚdarás Bainistíochta 'Spotseiceálacha' ar thionscadail an Chuibhreannais agus déanann sé monatóireacht ar a bhuiséad Cúnaimh Theicniúil.

Le linn 2010 agus 2011, tháinig líon beag cásanna tromchúiseacha chun cinn maidir le tionscadail a bhí á maoiniú tríd na Cláir a bhíonn á mbainistiú ag FCSAE. Nuair ba chuí, tarraingíodh siar tairiscintí maoinithe agus eisíodh orduithe athghabhála; tá fiosruithe leanúnacha ar bun i gcásanna áirithe. Cuireadh SPTÉ (PSNI) ar an eolas nuair ba chuí. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 23 atá leis na cuntais seo. Tá mé sásta nach léiriú iad na cásanna seo ar laigí córasacha i gcreat rialaithe inmheánaigh FCSAE. Cuirfear cibé ceachtanna atá foghlamtha, áfach, san áireamh i gcórais agus i ngnáthaimh amach anseo. Fuair gach tionscadal oiliúint fhoirmiúil soláthair in 2012, agus tá sraith leathan imeachtaí oiliúna beartaithe faoi choinne tionscadal in 2013.

Pat Colgan
Oifigeach Cuntasaíochta

25 Deireadh Fómhair 2013

# Deimhniú Na Nard-Reachtairí Cuntas Agus Ciste Chuig Tionól Thuaisceart Éireann Agus Tithe An Oireachtais

Deimhnímid go bhfuil cuntais an Fhorais um Chláir Speisialta AE (an foras) don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2012 iniúchta againn de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 lena n-éilítear orainn na cuntais a chuireann an Foras faoinár mbráid go comhoibríoch a iniúchadh agus a dheimhniú. Tá na cuntais comhdhéanta den mhéid seo a leanas: an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid Thirim, agus na nótaí agus aguisíní gaolmhara. Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

### Freagrachtaí an Fhorais, an Phríomhfheidhmeannaigh agus na nIniúchóirí

Mar atá mínithe ar dhóigh níos sonraí sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí, tá an Foras freagrach as na cuntais a ullmhú agus as cinntiú a dhéanamh de go dtugann siad léargas ceart, cothrom ar chúrsaí. Ina ról mar Oifigeach Cuntasach, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as cuibheas agus rialtacht a chinntiú maidir le húsáid cistí poiblí. Is é an fhreagracht atá orainne na cuntais a iniúchadh agus a dheimhniú de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhoibriú na Breataine-na hÉireann 1999. Rinne muid ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire). De réir na gcaighdeán sin, éilítear orainn agus ar ár bhfoirne déanamh de réir Chaighdeáin Eitice na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais d'Iniúchóirí.

### Scóip an iniúchta ar na cuntais

Nuair a dhéantar iniúchadh, bítear ag lorg fianaise leordhóthanach faoi na méideanna agus na nochtuithe atá sna cuntais d'fhonn dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis nithiúla, bíodh ceachtar acu caolois nó earráid i gceist. Déantar measúnú ar an mhéid seo a leanas: cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta fóirsteanach d'imthosca an Fhorais agus cé acu atá nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta atá déanta ag an Fhoras; agus cur i láthair foriomlán na gcuntas. Ina theannta sin léamar an Tuarascáil Bhliantúil agus an Réamhrá chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má fheictear dúinn go bhfuil míráitis nó neamhréireanna nithiúla ann, smaoinímid ar na himpleachtaí a bheidh aige sin ar an deimhniú againn.

Lena chois sin, caithfimid teacht ar go leor fianaise le dearbhú réasúnta a thabhairt gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam atá tuairiscithe sna ráitis airgeadais i bhfeidhm de réir mar is mian le Tionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

### Tuairim ar Rialtacht

Is í ár dtuairim í gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam i bhfeidhm maidir le gach gné nithiúil de réir mar is mian le Tionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

### Béim ar Ábhar – Caiteachas neamh-incháilithe

Gan ár dtuairim a cháiliú, dírímid aird ar Nóta 23, ina leagtar amach stádas reatha na n-imscrúduithe ar sheacht dtionscadal, a cistíodh i mblianta atá caite, ar sainaithníodh caiteachas neamh-incháilithe £1.2 milliún ina leith'.

### Tuairim ar na Cuntais

Is í ár dtuairim í:

- go dtugann na cuntais léargas ceart, cothrom ar ghnóthaí an Fhorais amhail 31ú Nollaig 2012 agus ar a bharrachas, agus ar a ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta agus ar a shreabhadh airgid thirim don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2012; agus

- gur ullmhaíodh na cuntais i gceart de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) Ordú 1999 agus Acht Chomhoibriú na Breataine-na hÉireann 1999 agus de réir na dtreoracha a eisíodh faoin Ordú agus faoin Acht sin.

### Tuairim ar chúrsaí eile

Is í ár dtuairim í go bhfuil an fhaisnéis sa Réamhrá don bhliain airgeadais a bhfuil na cuntais ullmhaithe faoina coinne ag teacht leis na cuntais.

### Cúrsaí a ndéanfaimid tuairisc eisceachtúil orthu

Déanfaimid tuairisc eisceachtúil sa chás:

- nár coinníodh taifid leordhóthanacha cuntasaíochta; nó


- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta; nó

- nach bhfuair muid an fhaisnéis agus na míniúcháin uilig a bhí de dhíth orainn dár n-iniúchadh; nó

- Níl an fhaisnéis a tugadh sa Tuarascáil Bhliantúil comhsheasmhach leis an gcuntas gaolmhar; nó

- nach bhfuil an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach ag teacht leis an treoir chuí ar rialachas corparáideach.

Níl a dhath ar bith le tuairisciú againn maidir leis na cúrsaí sin a ndéanfaí tuairisciú eisceachtúil orthu.



Séamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Éireann
Baile Átha Cliath 2
Éire

5 Samhain, 2013



Kieran Donnelly
Ard-Reachtaire Cuntas agus Chiste Thuaisceart Éireann
Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste
BT7 1EU

18 Samhain, 2013

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

| **IONCAM** | **Nótaí** | **2012<br>€'000** | **2011 (athlua)<br>€'000** | **2012<br>£'000** | **2011 (athlua)<br>£'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Deontas ó Ranna | 2 | **2,501** | 2,379 | **2,027** | 2,064 |
| Ioncam Oibríochtaí Eile | 4 | **2** | 3 | **2** | 3 |
| Scaoileadh Deontas Caipitiúil | 14 | **154** | 149 | **125** | 129 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha faoi choinne Pinsean | 12(c) | **740** | 604 | **600** | 524 |
| AONAD LÁRNACH ÍOCAÍOCHTAÍ | | | | | |
| Deontas Faighte ó Ranna Cuntasacha | 3 | **25,972** | 23,324 | **21,047** | 20,234 |
| COIMISIÚN AN AE | | | | | |
| Éilimh is Infhaighte ón AE | 3 | **62,935** | 55,099 | **51,001** | 47,800 |
| **IONCAM IOMLÁN** | | **92,304** | 81,558 | **74,802** | 70,754 |

| **CAITEACHAS** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dímheas | 8 | **(154)** | (149) | **(125)** | (129) |
| Costais Foirne | 5 | **(2,453)** | (2,215) | **(1,988)** | (1,922) |
| Costais Eile Oibríochta | 7 | **(788)** | (768) | **(639)** | (666) |
| Ús is iníoctha ar ais leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra | 3 | **(1)** | (2) | **(1)** | (2) |
| AN tAONAD LÁRNACH ÍOCAÍOCHTAÍ | | | | | |
| Íocaíochtaí déanta le tionscadail | 3 | **(88,907)** | (78,423) | **(72,048)** | (68,034) |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | | **(92,303)** | (81,557) | **(74,801)** | (70,753) |
| **Barrachas don bhliain aistrithe chuig an Chúlchiste Ghinearálta** | | **1** | 1 | **1** | 1 |

Baineann na méideanna uile thuas le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 47 go 70.

## Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

| | Nótaí | 2012 €'000 | 2011 €'000 | 2012 £'000 | 2011 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Barrachas don bhliain** | | **1** | 1 | **1** | 1 |
| (Caillteanais)/gnóthachain ó thaithí maidir le dliteanais scéimeanna pinsin, éifeacht rátaí malartaithe san áireamh | 12(d) | **(9)** | 99 | **(7)** | 86 |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana a bhaineann le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | | **(1,136)** | (345) | **(921)** | (299) |
| **(Caillteanais)/gnóthachain achtúireacha** | 12(b) | **(1,145)** | (246) | **(928)** | (213) |
| **Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha pinsin** | | **1,145** | 246 | **928** | 213 |
| | | **1** | 1 | **1** | 1 |
| (Caillteanais)/gnóthachain malartaithe | | **3** | 3 | **-** | - |
| **(Caillteanas)/gnóthachan iomlán aitheanta don bhliain** | | **4** | 4 | **1** | 1 |

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 47 go 70.

# Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2012

| | Nótaí | 2012 €'000 | 2011 €'000 | 2012 £'000 | 2011 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 8(a) | **513** | 554 | **418** | 464 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 8(b) | **123** | 99 | **100** | 83 |
| | | **636** | 653 | **518** | 547 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 9 | **54,315** | 43,483 | **44,292** | 36,388 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 10 | **9,993** | 5,031 | **8,149** | 4,210 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **64,308** | 48,514 | **52,441** | 40,598 |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe - méideanna dlite laistigh de bhliain | 11 | **(64,183)** | (48,393) | **(52,339)** | (40,497) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **125** | 121 | **102** | 101 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh phinsin** | | **761** | 774 | **620** | 648 |
| Maoiniú iarchurtha pinsin | 12(b) | **7,234** | 5,223 | **5,899** | 4,371 |
| Dliteanais phinsin | 12(b) | **(7,234)** | (5,223) | **(5,899)** | (4,371) |
| | | **761** | 774 | **620** | 648 |
| **Maoinithe ag:** | | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ginearálta | 13 | **125** | 121 | **102** | 101 |
| Cúlchiste Deontais Chaipitiúil | 14 | **636** | 653 | **518** | 547 |
| | | **761** | 774 | **620** | 648 |

D'fhaomh an Príomhfheidhmeannach na cuntais seo ar 25 Deireadh Fómhair 2013

Pat Colgan
Príomhoifigeach Feidhmeannach

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 47 go 70.

# Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid Thirim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

| | Nótaí | 2012 €'000 | 2011 €'000 | 2012 £'000 | 2011 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid thirim isteach/ (amach) as gníomhaíochtaí oibriúcháin** | 15.1 | 5,028 | (1,236) | 3,993 | (1,162) |
| **Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais** | | | | | |
| Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a fháil | | (137) | (160) | (111) | (134) |
| **Glansreabhadh airgid thirim amach roimh airgeadú** | | **4,891** | **(1,396)** | **3,882** | **(1,296)** |
| **Airgeadú** | | | | | |
| Maoiniú caipitiúil a fuarthas | | 137 | 160 | 111 | 134 |
| **Glansreabhadh airgid thirim isteach as airgeadú** | | **137** | **160** | **111** | **134** |
| **Méadú/(laghdú) ar airgead tirim/ iarmhéideanna sa bhanc** | **15.2** | **5,028** | **(1,236)** | **3,993** | **(1,162)** |

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 47 go 70.

# Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Gan teorainn a chur leis an fhaisnéis a thugtar, ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhraithe agus tagann siad leis na ceangail chuntasaíochta agus nochta in Acht na gComhlachtaí 2006,in Achtanna na gComhlachtaí 1963 go 2012, i bPoblacht na hÉireann, leis na caighdeáin chuntasaíochta eisithe nó glactha ag an Bhord Caighdeán Cuntasaíochta,agus leis na ceangail chuntasaíochta agus nochta eisithe ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanraagus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chomh fada agus atá na ceangail sin fóirsteanach.

### 1.2. Sócmhainní Seasta

Is ionann luach na sócmhainní seasta agus a gcostas do FCSAE. Áirítear bogearraí ceannaithe le sócmhainní doláimhsithe.

Dímheastar sócmhainní seasta ón mhí i ndiaidh a bhfaighte ag rátaí a ríomhtar leis an chostas nó luach gach sócmhainn, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go cothrom thar a shaol ionchasach úsáideach, nó thar an tréimhse léasa má tá sé sin níos gairide.   Seo mar atá an saol úsáideach i bpríomhchatagóirí na sócmhainní seasta:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feisteas | 7 mbliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| Trealamh Oifige | 5 bliana |
| Sócmhainní ar léas | Téarma an léasa nó saol úsáideach eacnamaíoch na sócmhainne, cibé ceann acu is gairide. |
| Sócmhainní doláimhsithe | 3 bliana |

### 1.3. Costais Phinsin

Tá scéim phinsin le sochair shainithe i bhfeidhm ag FCSAE. Déantar í a mhaoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a bhíonn ar fáil di, airgead a sholáthraíonn an Roinn Airgeadais agus Pearsanra (RAP) i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn san áireamh.

Faightear maoiniú fosta trí airgead a bhaint ó thuarastail na foirne. Aisíocann FCSAE é le RAP agus le RCPA.  Tá airgead bainte san áireamh le costais tuarastal agus pá (nóta 5).

Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh na n-aonad réamh-mheasta.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaíonn fostaithe sa tréimhse atá i gceist. Aithnítear méid atá ag teacht leis an chostas pinsin mar ioncam mar tá sé inghnóthaithe agus déantar é a fhritháireamh le deontais faighte sa bhliain atá i gceist le híocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais as athruithe ar bhoinn tuisceana Achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanas Aitheanta Iomlána don bhliain inar tharla siad, agus aithnítear coigeartú dá réir sa mhéid is inghnóthaithe ó RAP/RCPA.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha íocaíochtaí pinsin a dhéanfar sa todhchaí agus atá gnóthaithe ag an fhoireann suas go dtí seo. Is ionann maoiniú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn a gheobhfar ar ais ó RAP/RCPA sa todhchaí dá réir.

## Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 (continued)

Ó 2012 i leith, tá an Costas Reatha Seirbhíse á aithint mar Ranníocaíochtaí comhláin na mBall. Roimhe sin, aithníodh Ranníocaíochtaí na mBall amach ón chostas seo mar chuid den nóta ar Phinsin. Tá na figiúirí do na blianta roimhe seo a bhfuil tionchar ag an athrú seo orthu athluaite sna cuntais seo.

### 1.4. Cáin Bhreisluacha

Ní féidir leis an Fhoras um Chláir Speisialta AE CBL a éileamh ar ais. Mar sin de, áirítear CBL mar chaiteachas agus déantar é a chaipitliú i luach na sócmhainní seasta, nuair is cuí.

### 1.5 Léasanna

Déantar sócmhainní atá faoi léas airgeadais nó faoi chonartha fruilcheannaigh a chaipitliú de réir a luacha chóir ag tús an léasa agus dímheastar iad thar thréimhse an léasa nó thar shaol úsáideach measta eacnamaíoch na sócmhainní, cibé acu is gairide. Déantar na muirir airgeadais a leithroinnt thar thréimhse an léasa agus áirítear iad sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Áirítear nithe ar cíos sa chuntas ioncaim agus caiteachais thar thréimhse an léasa.

### 1.6 Airgeadraí

Déantar idirbearta FCSAE in cibé airgeadra atá ag an dlínse ina ndéantar iad. Tá na Ráitis Airgeadais curtha i láthair sa dá airgeadra. Léiríonn siad carnadh na n-idirbheart uilig sa bhliain sna dlínsí agus tá siad aistrithe de réir na meánrátaí comhfhreagracha malartacha le linn na bliana. Ag deireadh na bliana,aistrítear sócmhainní agus dliteanais de réir an ráta atá ann ag an am. Is iad seo a leanas na rátaí malartaithe a bhí in úsáid faoi choinne 2011 agus 2012:

| | 2011 | 2012 |
|---|---|---|
| Meánráta | £1 = €1.1527 | £1 = €1.2340 |
| Ráta ag deireadh na bliana | £1 = €1.1950 | £1 = €1.2263 |

### 1.7 Aonad Lárnach Íocaíochtaí

Tá Aonad Lárnach Íocaíochtaí ag FCSAE a bunaíodh le híocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail maoinithe faoi na Cláir ábhartha AE ar son na Ranna Cuntasacha Rialtais i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann. Tá Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm idir FCSAE agus gach Roinn Chuntasach.

Tarraingítear maoiniú ó na Ranna agus coinnítear é i gcuntais bhainc ar leith. Déantar íocaíochtaí le tionscadail le dearbháin leictreonacha atá údaraithe mar is cuí.

